Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2021
(OR. en)

9484/21
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0071(COD)**

**CODEC 831**
**COVID-19 245**
**JAI 674**
**POLGEN 94**
**FRONT 218**
**FREMP 162**
**IPCR 77**
**VISA 122**
**MI 434**
**SAN 365**
**TRANS 367**
**COCON 43**
**COMIX 306**
**SCHENGEN 52**
**AVIATION 147**
**PHARM 115**
**RELEX 515**
**TOUR 43**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh *(Deimhniú Digiteach COVID-19 AE)* a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Aontaíonn an Coimisiún go bhfuil vacsaíní agus tástálacha COVID-19 d'ionfhabhtú SARS-CoV-2 atá inacmhainne agus inrochtana ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne phaindéim COVID-19. Ag cur san áireamh nach mbeidh an daonra ar fad vacsaínithe nuair a thiocfaidh Rialacháin ... agus ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i bhfeidhm, tá rochtain ar dheiseanna tástála inacmhainne tábhachtach chun saorghluaiseacht agus soghluaisteacht san Eoraip a éascú.

Chun tacú le hacmhainneachtaí tástála na mBallstát, tá cistí curtha ar fáil ag an gCoimisiún cheana féin faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála chun mearthástálacha antaiginí a cheannach agus tá soláthar comhpháirteach seolta aige i gcomhair leathbhilliún mearthástáil antaiginí. Tá Cónaidhm Idirnáisiúnta na Croise Deirge ag tacú freisin leis na Ballstáit an inacmhainneacht tástála a mhéadú, agus leas á bhaint as cistiú ón Ionstraim Tacaíochta Éigeandála.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'infhaighteacht tástálacha inacmhainne, go háirithe do dhaoine a thrasnaíonn teorainneacha go laethúil nó go minic chun dul ar obair nó ar scoil, cuairt a thabhairt ar gharghaolta, cúram leighis a lorg, nó aire a thabhairt do dhaoine muinteartha, geallann an Coimisiún cistí breise EUR 100 milliún a shlógadh faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála chun tástálacha a cheannach d'ionfhabhtú SARS-CoV-2 atá cáilithe maidir le heisiúint deimhniú tástála de bhun Rialachán ... . Más gá, d'fhéadfaí leas a bhaint as cistiú breise os cionn EUR 100 milliún, faoi réir fhormheas an údaráis bhuiséadaigh.